



Coimisiún
na Meán

An Cód maidir le Seirbhísí Meán

An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta
agus Neamhchlaontachta i gCláir
Nuachta agus Cúrsaí Reatha

(Craoltóirí Raidió agus Teilifíse)

Dáta foilsithe: Mí na Nollag 2024

Clár

1.	Réamhrá	3
2.	Raon agus Dílínse	3
3.	Cuspóir agus Ullmhú an Chóid	3
4.	Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód	4
5.	Inscoiteacht	5
6.	Tarscaoileadh	6
7.	Comhlíontacht agus Forfheidhmiú	6
8.	Gearáin	6
9.	Treoir	7
10.	Sainmhínithe	7
11.	Cuspóirí	8
12.	Oibleagáidí Ginearálta	8
13.	Cothroime	9
14.	Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht	11
15.	Clúdach Toghcháin agus Reifrinn	13
16.	Ginearálta	13



1. Réamhrá

- 1.1 De bhun alt 46N(1) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (“**an tAcht**”), féadfaidh Coimisiún na Meán (an “**Coimisiún**”) cóid (“**cóid maidir le seirbhísí meán**”) a dhéanamh lena rialaítear caighdeáin agus cleachtais craoltóirí agus soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.
- 1.2 De bhun ailt 46N(2)(a) agus (b) den Acht, féadfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhísí meán a dhéanamh lena ndéantar foráil maidir le caighdeáin agus cleachtais chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh craoltóirí ailt 46K agus 46L(1) go (3) den Acht.
- 1.3 I gcomhréir lena chuid dualgas agus oibleagáidí reachtúla a leagtar amach thuas, d’ullmhaigh an Coimisiún an cód seo maidir le seirbhísí meán (an “**Cód**”).
- 1.4 De bhun alt 46N(11)(b) den Acht, lean an Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha ó Údarás Craolacháin na hÉireann, arna dhátú an 1 Iúil 2013, de bheith i bhfeidhm le bunú an Choimisiúin.
- 1.5 Cuirtear an Cód in ionad an Chóid maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha 2013 ó Údarás Craolacháin na hÉireann, rud a chúlghairfear ón 6 Nollaig 2024, is é sin an dáta a thiocfaidh an Cód seo in éifeacht.

2. Raon agus Dlíinse

- 2.1 Níl feidhm ag an gCód seo ach amháin maidir le craoltóirí (mar a shainmhínítear sa Chód seo) atá faoi dhlíinse an Stáit de réir bhrí alt 2A den Acht.

3. Cuspóir agus Ullmhú an Chóid

Cuspóir

- 3.1 Is é is cuspóir don Chód a áirithiú go gcomhlíonfaidh craoltóirí atá faoi dhlíinse an Stáit na dualgais a leagtar amach faoi ailt 46K agus 46L(1) go (3) den Acht.

Ullmhú an Chóid

- 3.2 De bhun alt 46N(6) den Acht, thug an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas agus an Cód á ullmhú aige: -
 - an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gcláir.
 - méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh bunábhar clár.



- ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár.
- an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin.
- a inmhianaithe atá sé a dheimhniú go gcuirfidh soláthraí seirbhíse craolacháin an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú lena ndéantar difear do chineál na seirbhíse agus, go háirithe, faoi aon athrú atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm cód maidir le seirbhísí meán.
- a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

3.3 Ullmhaíodh an Cód i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear in alt 46Q den Acht.

4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód

- 4.1 I léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Chóid, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.
- 4.2 Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
- a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.
 - na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.
- 4.3 Ina léirmhíniú ar an gCód, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí a nochtadh, rud a thugtar faoi Airteagal 40.6.1 den Bhunreacht, Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus Airteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.
- 4.4 Déantar foráil in alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena áirithiú go gcloífear leis na luachanna daonlathacha a chumhdaítear sa Bhunreacht, go háirithe iad sin a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus go dtabharfar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an Choimisiúin i leith seirbhísí craolacháin, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann.
- 4.5 Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún féachaint lena áirithiú trína shocruithe rialála (i) go dtabharfar aghaidh ar bhunábhar clár agus ábhar eile atá dochrach nó mídhleathach; (ii) go gcuirfear athrú



teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh leo; agus (iii) go bhfeidhmeoidh siad go comhréireach, go leanúnach agus go cothrom.

4.6 Le halt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas, inter alia:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ó sholáthraithe seirbhísí craolacháin a spreagadh.
- timpeallacht rialála a sholáthar a chothóidh iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta.
- inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn agus a spreagadh i mbeartais agus i gcleachtais seirbhísí craolacháin.
- cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle.
- spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

4.7 De bhun alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

5. Inscóiteacht

5.1 Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmisce, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le craoltóir áirithe) ar bhealach ar bith, ar bhunús aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód nó cuid de, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó is amhlaidh atá an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.



- 5.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, leanfaidh na forálacha uile eile agus/nó na codanna uile eile den Chód de bheith go hiomlán éifeachtach, infheidhme, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is amhlaidh a bhainfear den Chód aon fhoráil nó cuid den Chód, a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhaillí, toirmisceithe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

6. Tarscaoileadh

- 6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann craoltóir faoina bhráid, nó mura ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná ina fhaomhadh d'inneachar aon chuid den mhéid céanna, agus ní thuigfear uaidh sin gur chomhlíon an craoltóir a oibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód.
- 6.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht air; ní chruthófar urbhac in aghaidh an Choimisiúin leis, ná ní tarscaoileadh ón gCoimisiún a bheidh ann maidir le haon cheann dá chumhachtaí nó dá chearta de bhun an Achta agus/nó an Chóid.

7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

- 7.1 De bhun alt 46N(10) den Acht, beidh mainneachtain craoltóra an Cód a chomhlíonadh ina sárú chun críocha Chuid 8B den Acht.
- 7.2 Áiríteoidh craoltóir go mbeidh córais agus rialuithe i bhfeidhm aige nó aici chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sa Chód a léiriú.
- 7.3 De bhun alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar chraoltóir cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann, i measc oibleagáidí eile, le mainneachtain craoltóra chun cód seirbhísí meán a chomhlíonadh.

8. Gearáin

- 8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon craoltóir an Cód seo. Molann Coimisiún na Meán do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcráoltóir ar an gcéad dul síos mar gurb é sin an bealach is tapúla chun gearán a bhreithniú agus freagra a thabhairt air.
- 8.2 Tá eolas faoin bpróiseas láimhseála gearán, lena n-áirítear próiseas Choimisiún na Meán, le fáil ar ár suíomh gréasáin (www.cnam.ie/ga) nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán ar **+353 1 963 7755** nó ag usersupport@cnam.ie.



9. Treoir

- 9.1 Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a sholáthar maidir le forálacha an Chóid arna iarraidh sin nó de réir mar a mheastar gur gá agus nuair a mheastar sin. Forchoimeádan an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún.
- 9.2 Ní mór a áireamh sna hiarrataí ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarraidh ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarraidh an chuid nó na codanna den Chód, atá ábhartha dar leis an iarrthóir, agus ba cheart a leagan amach inti an cheist shonrach ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith. Ní ghlacann an Coimisiún le haon dlíteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as) a dhéantar tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

10. Sainmhínte

Maidir leis na téarmaí nach sainmhínítear thíos, tá na bríonna a thugtar dóibh leis an Acht.

Ciallaíonn **“craoladh”** craoladh, athsheachadadh nó dáileadh, trí líonra cumarsáide leictreonaí, cumarsáide, fuaimeanna, comharthaí, amharciómhánna nó comharthaí, atá beartaithe lena bhfáil go díreach ag an bpobal i gcoitinne cibé acu a fhaightear nó nach bhfaightear an chumarsáid, na fuaimeanna, na comharthaí, na hamharciómhánna nó na comharthaí sin iarbhrí.

Ciallaíonn **“craoltóir”** soláthraí craoltaí fuaime nó craoltaí teilifíse, mar a shainmhínítear sa Chód seo.

Ciallaíonn **“seirbhís craolacháin”** seirbhís a chuimsíonn tiomsú de bhunábhar clár d’aon chineál, rud a dhéantar a tharchur, a athsheachadadh nó a dháileadh trí líonra cumarsáide leictreonaí, go díreach nó go hindíreach chun go bhfaighidh an pobal i gcoitinne é ar bhealach atá comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach, cibé acu a fhaightear nó nach bhfaightear an t-ábhar sin iarbhrí, agus i gcás ina soláthraítear na cláir in ord réamhsceidealaithe agus líneach, ach ní áirítear leis sin:

(a) seirbhís a sholáthraítear ar bhealach neamhlíneach i gcás ina roghnaíonn gach úsáideoir den tseirbhís clár ó chatalóg de chláir, nó

(b) aon seirbhís eile a sholáthraítear tríd an idirlíon, mura soláthraíonn an tseirbhís cláir chlosamhairc.

Ciallaíonn **“leanbh”** nó **“leanaí”** duine nó daoine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois.

Ciallaíonn **“clár”** (a) sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim, nó (b) closábhar, arb éard atá i gceist i ngach cás mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg atá bunaithe ag soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus dráma úr.

Ciallaíonn **“seirbhís craolacháin fuaime”** nó **“craoladh fuaime”** seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, inarb amhlaidh—



- (a) atá príomhchuspóir na seirbhíse tiomanta do chláir fuaime a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a sholáthar, agus
- (b) a sholáthraítear an tseirbhís le héisteacht ar bhealach comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach le cláir fuaime ar bhonn sceideal clár.

Ciallaíonn “**craoltóireacht teilifíse**” nó “**craoladh teilifíse**” (i.e. seirbhís líneach meán closamhairc) seirbhís meán closamhairc a chuireann soláthraí seirbhíse meán ar fáil chun féachaint go comhuaineach ar chláir ar bhonn sceideal clár.

11. Cuspóirí

11.1 Is iad seo a leanas cuspóirí an Chóid: -

- a) Na caighdeáin agus na cleachtais íosta a leagan amach, rudaí lena mbítear ag súil ó chraoltóirí agus ábhar nuachta agus cúrsaí reatha á láimhseáil, á chraoladh nó á chur ar fáil.
- b) Iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta a chur chun cinn agus ábhar nuachta agus cúrsaí reatha á sholáthar.
- c) Eolas a thabhairt don phobal agus feasacht a ardú ina measc maidir leis na caighdeáin a bhféadfaidh siad a bheith ag súil leo i ndáil le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha.
- d) Leasanna an phobail a chosaint, i dtaca lena cheart chun ábhar nuachta agus cúrsaí reatha atá cothrom, oibiachtúil agus neamhchlaonta a rochtain.
- e) A áirithiú go mbeidh ábhar nuachta agus cúrsaí reatha i gcomhréir le reachtaíocht Éireannach agus Eorpach is infheidhme agus go dtabharfar aird ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta leo.

12. Oibleagáidí Ginearálta

- 12.1 I dtaca leis an mbealach a láimhseálann siad ábhar nuachta agus cúrsaí reatha, lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, comhlíonfaidh craoltóirí alt 46L den Acht.
- 12.2 I dtaca leis an mbealach a láimhseálann siad ábhar nuachta agus cúrsaí reatha, lena n-áirítear lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, comhlíonfaidh craoltóirí na hoibleagáidí ginearálta seo a leanas.



Cothroime

- 12.2.1 Áiritheoidh craoltóirí, maidir le daoine aonair agus eagraíochtaí is ábhar d'ábhar nuachta agus cúrsaí reatha, nó daoine a rannchuidíonn le cláir nó míreanna nuachta agus cúrsaí reatha, go ndéileáiltear go cothrom agus go macánta leo.

Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht

- 12.2.2 Áiritheoidh craoltóirí go ndéanfar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a thiomsú, a léiriú agus a chur i láthair ar bhealach atá neamhspleách, neamhchlaonta agus gan réamhbhreithiúnas, agus ar léir go bhfuil sé amhlaidh.

Cruinneas agus Freagrúlacht

- 12.2.3 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh an clúdach ar nuacht agus cúrsaí reatha cruinn. Tabharfar tosaíocht i gcónaí do chruinneas ar an luas ar ar féidir ábhar a sholáthar.
- 12.2.4 I gcás, d'ainneoin na n-iarrachtaí is fearr, go gcuirtear eolas míchruinn in iúl, áiritheoidh soláthraithe craoltaí go nglactar leigheasanna cothroma, tráthúla agus iomchuí i leith craoladh nó infhaighteacht eolais mhíchruinn.

Trédhearcacht agus Cuntasacht

- 12.2.5 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh cleachtais agus nósanna imeachta a ghlactar agus nuacht agus cúrsaí reatha á bhfoinsiú, á dtiomsú, á léiriú agus á gcur i láthair infheicthe, inscrúdaithe, láidir agus inrochtana. Sin an cas go háirithe i gcás inar féidir tionchar a bheith ag cinneadh ar phríobháideacht duine aonair, ar cinneadh é chun ábhar áirithe a chraoladh nó a chur ar fáil.
- 12.2.6 Ní chuirfear aon oibleagáid le halt 12.2.5 ar chraoltóirí ná ar a bhaill foirne eagarthóireachta eolas a nochtadh a bhaineann le foinsí iriseoireachta nó cumarsáid rúnda nó lena bhféadfaí na foinsí céanna a shainaithint, ná ní chuirfear d'oibleagáid leis ar aon duine, a bhféadfadh an t-eolas sin a bheith aige i ngeall ar a chaidreamh rialta nó gairmiúil le craoltóir nó a bhaill foirne eagarthóireachta, é a nochtadh.

13. Cothroime

- 13.1 Sa ghnáthchúrsa, áiritheoidh craoltóirí go gcuirfear agallaithe d'ábhar nuachta agus cúrsaí reatha ar an eolas faoi ábhar agus cineál agus formáid a n-ionchuir, ionas gurb é a bheidh i gceist lena gcinneadh chun bheith rannpháirteach ná toiliú eolach.
- 13.2 Go ginearálta, ní chraolfaidh craoltóir, ná ní chuirfidh sé nó sí ar fáil, aon agallamh nuachta ná cúrsaí reatha le haon duine gan toiliú an duine sin. Ní mór údar, ar bhonn eagarthóireachta, a bheith le craoladh nó soláthar aon ábhair nuachta nó cúrsaí reatha in éagmais toilithe. Tabharfaidh an craoltóir aird chuí ar iarrataí chun toiliú a astarraingt, ag féachaint do leas an phobail, ceartas nádúrtha agus prionsabail na cothroime, na hoibiachtúlachta agus na neamhchlaontachta.
- 13.3 Ba cheart cúram a ghlacadh i gcónaí maidir le hagallaimh le leanaí nó daoine leochaileacha a áireamh in ábhar nuachta nó cúrsaí reatha. Sna cásanna uile, ní mór an prionsabal sárraitheach a



bheith den chineál go seachnófar craoladh nó infhaighteacht ábhair a fhéadfaidh a bheith éagórach nó dochrach dá leas is fearr.

- 13.4 Tríd is tríd, gheofar toiliú tuismitheora, caomhnóra nó ionadaí dhlíthiúil roimh chraoladh nó infhaighteacht aon agallaimh le leanbh atá níos óige ná 16 bliana d'aois nó duine leochaileach, i gcás ina bhfuil an t-ábhar de chineál íogair nó tromchúiseach nó i gcás ina measfaí gurbh éagórach gan déanamh amhlaidh. Cinneadh chun agallamh a chraoladh nó a chur ar fáil in éagmais an toilithe sin, ní mór údar chun leas an phobail a bheith leis.
- 13.5 I gcás ina ndiúltaíonn duine nó eagraíocht rannchuidiú le hábhar nuachta nó cúrsaí reatha nó ina roghnaíonn sé nó sí gan trácht a dhéanamh air sin, léireofar an méid sin leis an ábhar agus tuairisceofar leis ar bhealach réasúnta míniú an duine nó na heagraíochta ar dhiúltú a bheith rannpháirteach, i gcás ina measfaí gurbh éagórach gan déanamh amhlaidh.
- 13.6 Má dhiúltaíonn duine nó eagraíocht a bheith rannpháirteach i gclár, ní chuirfear bac ar chraoladh ná infhaighteacht ábhair nuachta nó cúrsaí reatha. Mar sin féin, tá freagracht ar an gcraoltóir, a mhéid is féidir, tuairimí an pháirtí atá as láthair a léiriú, agus déanamh amhlaidh go cothrom.
- 13.7 Leis an bpróiseas eagarthóireachta ní shaobhfear comhthéacs ná brí an agallaimh bhunaidh.
- 13.8 Áiritheoidh craoltóir, maidir le hathúsáid aon ábhair i gcomhthéacs nuachta nó cúrsaí reatha, lena n-áirítear úsáid ábhair ón gcartlann, nach gcruthaítear éagothroime léi ná nach é a thagann aisti ná míchruinnis.
- 13.9 Déanfar atógáil nó athachtú imeachta in ábhar nuachta nó cúrsaí reatha a shainnithint go soiléir amhlaidh agus ba cheart an méid sin a bheith barántúil ina léiriú ar an imeacht nó ar na himeachtaí i gceist.
- 13.10 Ní bhainfear úsáid as taifeadadh ná scannánaíocht rúnda nó nár nochtadh in ábhar cúrsaí reatha ach amháin in imthosca eisceachtúla. Ní mór údar a bheith leis sin agus beidh nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm ag craoltóir chun na taifeadtaí sin a údarú ar an leibhéal eagarthóireachta is sinsearaí. Beidh an t-údarú sin i scríbhinn.

Tá na breithnithe seo a leanas ina ngnéithe fíor-riachtanach lena chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil údar le taifeadadh nó scannánaíocht rúnda nó nár nochtadh:

- is léir go bhfuil an mhír atá á clúdach chun leas an phobail agus tá fianaise ag soláthraí na seirbhíse craolacháin ar ábhar lena dtuilltear clúdach;
- ní dócha go mbeidh comhoibriú an ábhair ar fáil; agus
- tá cúis ann lena chreidiúint go gcuirfear clúdach an ábhair ó rath ós rud é nach féidir an t-ábhar a fháil go réasúnta ar bhealach eile.



- 13.11 Aon duine ar a ndéantar scannánú nó a thairfeadtar go rúnda, tabharfar an deis dó nó di a bheith rannpháirteach in ábhar nuachta nó cúrsaí reatha lena n-áireofar an tairfeadadh más rud é, i dtuairim sholáthraí na seirbhíse craolacháin, gurbh éagórach an rud é don duine sin gan an deis a thabhairt dó nó di a bheith rannpháirteach.
- 13.12 De réir a chineáil, le cur chuige díreach neamhshocraithe (“éirí slí”) i leith agalláí, is féidir go sárófar cothroime. Mar sin féin, in imthosca iomchuí is féidir go mbeidh údar leis dá bhfaighfí réidh leis an ngnáthchleachtas a bhaineann le socruithe a dhéanamh d’agallamh go díreach le hagalláí, nó le hionadaí, agus fógra oiriúnach á thabhairt.
- Is féidir go mbeidh “éirí slí” iomchuí in imthosca:
- inar léir go bhfuil an mhír atá á clúdach chun leas an phobail;
 - nach dócha go gcomhoibreoidh an t-agalláí dá ndéanfaí air nó uirthi ar an ngnáthbhealach; agus
 - ina bhfuil gá leis an gcur chuige maidir leis an duine aonair nó leis na daoine aonair, agus sin i dtaca le barántúlacht agus creidiúnacht an ábhair i gceist.
- 13.13 Beidh beartais agus nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm ag craoltóir chun ionchuir a láimhseáil trí na meáin shóisialta.
- 13.14 Aon ghealltanais a thugtar do rannpháirtí a bhaineann le rúndacht nó neamhainmníocht, beidh sé soiléir agus seasfar leis. Aon teicnící closamhairc gaolmhara a úsáidtear i scannánaíocht agus in eagarthóireacht araon, cuirfear i bhfeidhm iad go cúramach chun a áirithiú go mbainfear amach rúndacht iomlán agus go seasfar go hiomlán leis na gealltanais a thugtar.

14. Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht

- 14.1 Cuirfear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha i láthair agus cruinneas cuí i gceist, ag féachaint do na himthosca agus na fforais ar a rabhtas ar an eolas tráth an ullmhúcháin agus an chraolacháin nó a cuireadh an t-ábhar ar fáil.
- 14.2 Féadfar dhá chlár ghaolmhara, nó níos mó, a mheas mar iomlán má chraoltar na cláir nó má chuirtear ar fáil iad laistigh de thréimhse ama réasúnta agus má dhéantar iarrachtaí réasúnta leis an lucht féachana a chur ar an eolas faoin gclár gaolmhar.
- 14.3 Níor cheart míléiriú a thabhairt ar thuairimí agus fforais, ná níor cheart iad a chur i láthair, ar bhealach a fhágann go mbeidh siad míthreorach. Ba cheart tuiscint a bheith ag láithreoirí ar thionchar a dteanga agus a dtuine agus an nuacht agus cúrsaí reatha á dtuairisciú acu chun míthuiscint ar na hábhair a chlúdaítear a sheachaint.
- 14.4 Aithneoidh agus ceartóidh craoltóir earráid shuntasach chomh tapa is féidir, ar bhealach iomchuí agus comhréireach. Le ceartú nó soiléiriú, tabharfar aird ar am agus imthosca an chraolta bhunaigh.



I gcás ceartú nó soiléiriú, tabharfaidh an craoltóir aird ar shuntasacht agus leibhéal na hearráide bunaidh.

- 14.5 Ní fhéadfaidh láithreoir nuachta agus/nó tuairisceoir i gclár nuachta a thuairim ná a tuairim féin a chur in iúl ar ábhair atá ina n-údar conspóide poiblí nó atá faoi réir díospóireacht phoiblí reatha. Mar sin féin, féadfaidh craoltóir a thuairim nó a tuairim a chur in iúl maidir le togra a bhaineann le beartas maidir le craoladh atá ina ábhar conspóide poiblí nó faoi réir díospóireacht phoiblí reatha agus atá á mheas ag an Rialtas nó ag an Aire.
- 14.6 Is cuid thábhachtach de ról láithreora cláir cúrsaí reatha é a áirithiú go mbeidh rochtain ag an lucht féachana nó an lucht éisteacha ar réimse leathan tuairimí ar ábhar an chlár nó na míre; éascaíocht a dhéanamh do léiriú tuairimí rannchuiditheoirí – trí cheisteanna láidre uaireanta; agus tuairimí iad sin nach féidir a bheith rannpháirteach in ábhar, nó a roghnaíonn gan bheith rannpháirteach ann, a léiriú. Agus an méid sin amhlaidh, ní chuirfidh láithreoir agus/nó tuairisceoir ar chlár cúrsaí reatha a thuairimí nó a tuairimí féin in iúl ar ábhair atá ina n-ábhair conspóide poiblí nó faoi réir díospóireacht phoiblí reatha sa chaoi go moltar seasamh claonta.
- 14.7 Is féidir le míreanna nó cláir cúrsaí reatha lena mbaineann ‘tuairim phearsanta’ nó ‘ó údar’ a bheith iomchuí, faoi réir gnáthrialuithe eagarthóireachta. Ní dhiolmhaítear leis sin an mhír nó an clár – nó sraith míreanna/clár – ó oibleagáidí reachtúla an chraoltóra le bheith neamhchlaonta, oibiachtúil agus cothrom do na leasanna uile lena mbaineann. Ar an mbealach céanna, féadfar mír nó clár ‘ó údar’ a cheadú má tá sí nó sé mar chuid de shraith de mhíreanna/cláir ghaolmhara, lena ndéanfar na hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, má ghlactar le chéile iad.
- 14.8 Cuirfear clár nó mír ‘tuairim phearsanta’ nó ‘ó údar’ in iúl go soiléir don lucht féachana nó don lucht éisteacha ón tús, nó, i gcás sraith míreanna nó clár, i dtús gach ceann.
- 14.9 Beidh beartais agus nósanna imeachta ag craoltóir, agus cuirfidh sé nó sí chun feidhme iad, chun aghaidh a thabhairt ar aon choinbhleachtaí leasa a fhéadfaidh a bheith ann nó teacht chun cinn maidir le haon duine atá rannpháirteach ar bhonn eagarthóireachta in aon ábhar nuachta nó cúrsaí reatha, cibé acu a thagann an duine sin chun cinn san ábhar nó i gcuid dá léiriú.
- 14.10 Aon leas pearsanta, gairmiúil, gnó nó airgeadais atá ag aon duine atá rannpháirteach ar bhonn eagarthóireachta in ábhar nuachta nó cúrsaí reatha a cheistíonn (nó a d’fhéadfaí a mheas go réasúnta go gceistíonn sé nó sí) cothroime, oibiachtúlacht nó neamhchlaontacht cláir nó míre, tarraingeofar aird an lucht féachana nó an lucht éisteacha air sin. Chuige sin, beidh craoltóir deimhin de go bhfuil sé nó sí i riocht a fhágann go bhfuil sé nó sí feasach ar leasanna ábhartha an phearsana lena mbaineann, agus a fhágann gur féidir leis nó léi a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an leas lena mbaineann de chineál lena dtabharfaí údar le haon duine a tharraingt siar ó thuilleadh rannpháirtíochta sa mhír nó sa chlár.



15. Clúdach Toghcháin agus Reifrinn

- 15.1 Le clúdach aon toghcháin nó reifrinn a réachtáiltear laistigh den Stát comhlíonfar treoirlínte nó cóid chleachtais a eisíonn an Coimisiún ó am go chéile.

16. Ginearálta

- 16.1 Déanfaidh craoltóir bearta iomchuí lena áirithiú go gcloífidh sé leis na ceanglais reachtacha uile agus ábhar nuachta agus cúrsaí reatha á fhoinsiú, á thiomsú, á léiriú agus á chur i láthair.

